

Tosaíochtaí Corparáideacha na gCoimisinéirí Ioncaim 2023

Ár Misean

Freastal ar an bpobal trí chánacha agus trí dhleachtanna a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach agus trí rialuithe custam a chur i bhfeidhm

Seirbhís do Chomhlíontacht

Aghaidh a Thabhairt ar Neamhcho mhlíontacht

Ár bhFís

Chun bheith ar cheann de na córais riartha chánach agus custam is mó chun tosaigh, le muinín an phobail agus a bheith ar an rogha fostóra



Réamhrá Bhord na gCoimisinéirí Ioncaim

Leagtar amach sa doiciméad seo Tosaíochtaí Corparáideacha na gCoimisinéirí Ioncaim le haghaidh 2023. Tagann siad seo leis an bhfís agus na cuspóirí atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2021 go dtí 2023 agus tá siad mar bhonn eolais do na Pleananna Gnó Rannóige le haghaidh 2023.

In 2022, i dtéarmaí an chomhthéacs ábhartha maidir lenár ról mar chóras riartha cánach agus custam, bhí orainn dul i ngleic le tionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin agus an ghéarchéim fuinnimh agus coinníollacha boilscithe gaolmhara a tháinig chun cinn dá bharr. Thug bunúis láidre na gCoimisinéirí Ioncaim deis dúinn na hathruithe sin maidir leis an timpeallacht sheachtrach agus a n-impleachtaí ar chomhlíontacht cánach agus dleachta a oiriúnú go tapa, agus leanúint dár ndá bhunchloch, *Seirbhís le haghaidh Comhlíontachta* agus *Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht* a sheachadadh.

Ag caitheamh súil ar 2023, níl aon amhras ann go mbeidh gastacht, freagrúlacht, solúbthacht agus gairmiúlacht mar riachtanais leanúnacha chun a chinntiú go gcuireann muid feidhmíocht eagraíochtúil den chéad scoth ar fáil thar na bliana. Dúshlán láithreach atá muid ag tabhairt faoi ná Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí de chuid an Rialtais a riar. Le linn 2023, díreoidh muid arís ar chomhlíontacht, i dtéarmaí tráthúlacht tuairisceáin agus íocaíochtaí agus cinnte a dhéanamh go n-aithníonn muid iompar neamhchomhlíontach agus go dtabharfaidh muid aghaidh uirthi, is cuma i dtéarmaí dliteanais cánach agus dleachta a dearbhaíodh faoi bhun luacha nó nár dearbhaíodh ar chor ar bith. Cuirfidh muid le cur i bhfeidhm ár gCreatá Idirghabhálacha Comhlíontachta chun tacú le cultúr láidir de chomhlíontacht shaorálach agus chun bearta a chur i bhfeidhm a léiríonn iompar cáinócóirí. Láidreoidh muid ár bhfócas ar idirghabhálacha chomh gar agus is féidir don fhíor-am. Glacfaidh muid le bearta cuí chun freagra a thabhairt ar iompórtáil drugaí mídhleathacha agus chun aghaidh a thabhairt ar chalois cánach agus dleachta agus neamhchomhlíontacht mílteanach. In 2023, leanfaidh muid de ról lárnach a bheith againn i leith tacaíocht a thabhairt don Roinn Airgeadais polasaí cánach agus dleachta a fhorbairt, go háirithe athchóirithe cánach a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta a bheachtú agus a chur i bhfeidhm.

Leanfaidh muid orainn ag infheistiú inár bhfoireann lena dtacar sainscileanna agus ár gcumas iomlán mar eagraíocht a fhorbairt. Glacann muid leis na buntáistí dearfacha atá ag modhanna nua oibre dár bhfoirne, do sheachadadh ár gcláir ghnó agus dár mealladh mar rogha fostóra. Leanfaidh muid lenár n-infheistiócht shuntasach inár gclár athnuachana teicneolaíochta. Tá muid tiomanta go láidir do ghníomhaíochtaí éifeachtacha agus tráthúla le cinntiú go gcomhlíonfaidh muid ár ngealltanais chomhshaoil i dtaca le Plean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais 2021.

Is é ár láidreacht mar eagraíocht éifeachtach ná gairmiúlacht, cumas agus macántacht ár bhfoireann. Breathnaíonn muid ar 2023, bliain ár gcomórtha céad bliain, mar dheis chun na scileanna sin a léiriú don fheidhmíocht is éifeachtaí agus is féidir agus réadú iomlán an Ráitis Straitéise 2021-2023.

Niall Cody
Cathaoirleach


Gerry Harrahill
Coimisinéir

Ruth Kennedy
Coimisinéir

Ár gCreat Pleanála Straitéisí



Ráiteas Straitéise 2021 go dtí 2023



Croí-obair na gCoimisinéirí Ioncaim is ea cánacha agus dleachtanna a bhailiú. Aithníonn ár Ráiteas Straitéise 2021 go 2023 ocht réimse tosaíochta fócais. Atáirgeadh iad seo ar na leathanaigh seo a leanas agus, i gcás gach ceann, léirítear na príomhghníomhartha pleanáilte do 2023.

1 TACÚ LE TOSAÍOCHTAÍ RIALTAIS ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

Ráiteas Straitéise 2021-2023

Leanfaidh muid de na scéimeanna agus forálacha a thug an Rialtas isteach mar fhreagra ar COVID-19 a riar agus a mhaoirsiú, lena n-áirítear an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPP), an Scéim Tacaíochta Sriantaí COVID-19 (STSC), Faoiseamh ó Chaillteanais Brostaithe agus Stórasú Fiachais. Beidh muid sofhreagrúil agus acmhainneach i gcónaí maidir leis an gcumas tacaíocht a thabhairt don Stát i gcoinne thionchar COVID-19 ar an ngeilleagar.

Nuashonrú: Tá tionchair láithreach COVID-19 cúlaithe. Ach tá dúshlán nua roimh shaoránaigh, Rialtas agus an geilleagar, cosúil leis an ngéarchéim chostais mhaireachtála, agus dúshlán atá ag dul in olcas, amhail an ghéarchéim aeráide. Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim a bpáirt chun tacú le tosaíochtaí Rialtais atá ag teacht chun cinn.

In 2023, mar ár dtosaíochtaí corparáideacha don chuspóir seo, déanfaimid:

Tosaíochtaí

1. An Scéim Fóirdheontais Fuinnimh Ghnó Shealadaigh (SFFGS) a chur i bhfeidhm, ag soláthar na dtacaíochtaí agus na treorach riachtanacha do ghnólachtaí.

2. Leanúint ar aghaidh ag bainistiú na Scéime Trádstórála Fiachais, le fócas sonrach ar chomhlíonadh cánach reatha. Cláir athbhreithnithe comhlíonta a chur i gcrích do thairbhíthe scéime COVID-19 ábhartha.

3. Na gníomhartha atá leagtha amach i Treochlár um Laghdú Carbóin na gCoimisinéirí Ioncaim a chur i bhfeidhm, chun ár ngealltanais chomhshaoil a chomhlíonadh mar atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais 2021.

2. SEIRBHÍS DEN SCOTH A SHOLÁTHAR

Ráiteas Straitéise 2021-2023

Déanfaidh muid ár múnla seirbhíse i leith comhlíontachta a athbheachtú agus a athdhírú, agus riachtanais ár gcustaiméirí, taithí an tsoláthair seirbhíse le linn na paindéime, athruithe sna múnlaí gnó agus ról agus obair na ngníomhairí cánach agus na n-idirghníomhaithe á gcur san áireamh. Déanfaidh muid tuilleadh forbartha ar dheiseanna le leas a bhaint as buntáistí teicneolaíochta agus léargais sonraí ar fud ár n-idirghníomhaithe gnó.

In 2023, mar ár dtosaíochtaí corparáideacha don chuspóir seo, déanfaimid:

Tosaíochtaí

1. Lean lenár múnla seirbhísí do chomhlíontacht, ag cur ár gcur chuige in oiriúint go héifeachtach do riachtanais cohórt éagsúla cáiníocóirí, roghanna féinseirbhís agus comhlíontachta féinbhainistithe a bharrfheabhsú do cháiníocóirí agus do ghníomhairí agus bearta simpliúcháin a aithint agus a chur chun cinn dár gcustaiméirí.

2. Leanúint le clár a fhorbairt chun cánacha caipitiúla a nuachóiriú, ag díriú go háirithe ar ghníomhartha forfheidhmíthe inár Straitéis Cánacha Caipitil agus ag iniúchadh deiseanna chun seirbhís fíor-ama a chomhtháthú le haghaidh Dleacht Stampa agus Cánacha Maoine.

3.COMHLÍONTAUGHT IN AM A UASMHÉADÚ.

Ráiteas Straitéise 2021-2023

Cuirfidh muid tuilleadh feabhais ar ár n-idirghníomhaíocht fíor-ama agus freagra ar riosca, ag tógáil ar dheighilt ár mbonn custaiméirí. Bainfidh muid leas as ár mbailiúcháin sonraí agus ár gcumas ard-anailísíochta. Leanfaidh muid d'fhéin-athbhreithniú agus féincheartúchán ag cáiníocóirí a spreagadh. Cuirfidh muid creat athbhreithnithe um idirghabhálacha comhlíontachta i bhfeidhm a thacaíonn le hidirghníomhú luath agus éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht, bunaithe ar an leibhéal riosca agus iompar cáiníocóirí.

In 2023, mar ár dtosaíochtaí corparáideacha don chuspóir seo, déanfaimid:

Tosaíochtaí

1. An Creat um Idirghabhálacha Comhlíontachta (CIC) a leabú agus a mheasúnú i dtéarmaí a thionchar ar iompraíocht chomhlíonta dheonach agus a chinntiú go dtugtar freagra cuí ar cháiníocóirí neamhchomhlíontachta.

2. Measúnú riosca fíor-ama, bunaithe ar shonraí agus idirghabhálacha um roghnú cásanna a chur i bhfeidhm chun maoirseacht thráthúil atá bunaithe ar riosca agus dírithe ar chomhlíonadh a bharrfheabhsú agus an t-ualach ar cháiníocóirí comhlíontachta a íoslaghdú.

3. Cur chuige cuimsitheach comhordaithe a sheachadadh chun dul i ngleic leis an trádáil drugaí neamhdhleathacha agus máil, an scáthgheilleagar, agus calaois cánach agus dleachta agus neamhchomhlíonadh mór.

4 TEICNEOLAÍOCHT

Ráiteas Straitéise 2021-2023

Tabharfaidh muid tosaíocht do chlár athnuachana teicneolaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim le cinntiú go bhfuil an t-ardán agus cumas TF againn chun cur lenár bpríomhchláir gnó agus cánacha agus dleachtanna a nuachóiriú tuilleadh, ag díriú ar phróiseas uathoibrithe, digitiú agus seirbhísí a phearsantú. Leanfaidh muid dár bpáirt a imirt i bhforbairt Bhonneagair Sonraí Náisiúnta na hÉireann.

In 2023, mar ár dtosaíochtaí corparáideacha don chuspóir seo, déanfaimid:

Tosaíochtaí

1. Ár gclár athnuachana teicneolaíochta a chur chun cinn le fócas ar leith ar fhiachas teicniúil a laghdú.

2. Straitéis um Dhigitiú a thabhairt chun críche a thacaíonn le nuachóiriú agus simpliú an chórais riaracháin chánach agus ár bpróisis chun leas a bhaint as na deiseanna chun ár seirbhís le haghaidh comhlíontachta a sheachadadh i bhfíor-am agus lenár ngníomhaíocht chomhlíonta.

3. Úsáid na hintleachta saorga (IS) agus ár sonraí a bharrfheabhsú chun tacú le comhlíontacht shaorálach, comhlíontachta féinbhainistithe, agus sainaitheanta agus bainistíocht riosca éifeachtach.

5 ÁBALTACHT AGUS CUMAS IN IONAD OIBRE ATÁ AG FORBAIRT

Ráiteas Straitéise 2021-2023

Mar eagraíocht mhuinteartha, leanfaidh muid orainn ag infheistiú inár bhfoireann, barr feabhais a chur ar scileanna ceannaireachta, bainistíochta agus scileanna teicniúla atá riachtanach don lá inniu agus le haghaidh na ndeacrachtaí riaracháin athraitheacha amach anseo atá ag teacht chun cinn. I gcomhairle lenár bhfoireann agus ag foghlaim ó thaithí chianoibre na bliana 2020, déanfaidh muid athbhreithniú ar ár gcleachtais oibre agus ionad oibre, i ndáil lenár dtosaíochtaí gnó, athchóirithe na Státseirbhíse ar an iomlán, sláinte agus leas ár bhfoireann, chomh maith lena gcuid riachtanais oiliúna, meántóireachta agus tacaíochta.

In 2023, mar ár dtosaíochtaí corparáideacha don chuspóir seo, déanfaimid:

Tosaíochtaí

1. Leanúint ar aghaidh lenár bPlean Fórsa Oibre a chur i bhfeidhm agus tacú le ceannaireacht agus cumas teicniúil agus tógáil orthu.

2. Straitéisí 'saolre fostaithe' a fhorbairt, lena n-áirítear tionscnaimh chun daoine leis na scileanna cearta a mhealladh, a choinneáil agus a fhoirbairt, agus straitéisí chun ár n-úsáid is fearr a bhaint as bealaí nua-aimseartha oibre chun ardleibhéil chomhsheasmhacha feidhmíochta eagrúcháin a sheachadadh agus ár sprioc a bhaint amach mar rogha fostóra.

3. Socruithe rialachais corparáideach a neartú, lena n-áirítear trí straitéis calaoise agus frith-éillithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ár bplean gníomhaíochta Innéacs Sláine Náisiúnta, ár mBeartas um Nochtadh Cosanta a nuashonrú agus bainistiú riosca a neadú go leanúnach laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim.

6 IMEACHT AN RÍOCHTA AONTAITHE ÓN AE

**Ráiteas
Straitéise
2021-2023**

Cuirfidh muid leis na bunúis láidre oibre atá déanta againn agus leanfaidh muid d'idirghníomhú a dhéanamh le gnóthaí agus príomh-gheallsealbhóirí eile. Imreoidh muid ár ról in obair uile tras-Rialtais, le gluaiseacht trádála dlisteanáí éifeachtach a éascú, chomh maith le hiomaíocht náisiúnta a mhéadú, díriú agus cur isteach ar thrádáil neamhdhleathach, agus aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht.

In 2023, mar ár dtosaíochtaí corparáideacha don chuspóir seo, déanfaimid:

Tosaíochtaí

1. Leanúint ar aghaidh ag plé le gnólaicthe Éireannacha, lenár gcomhpháirtithe rialtais, agus le húdarais an AE agus na RA mar ullmhúchán do nósanna imeachta custaim nua na RA a theastaíonn in 2023.

2. Oibriú leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha & Trádála agus leis an gCoimisiún Eorpach chun a chinntiú go n-éascaíonn cur i bhfeidhm Phrótacal Thuaisceart Éireann trádáil dhlísteanach agus go gcaomhnaíonn sé sláine an Mhargaidh Aonair agus Aontas Chustaim.

3. A chinntiú go bhfuil ár struchtúr, córais agus nósanna imeachta inmheánacha custaim agus bainistíochta teorann oiriúnach agus oiriúnach don fheidhm, ag éascú trádála dlisteanach agus iad ag freagairt go héifeachtach do shreabhadh trádáil neamhdhleathach.

7 ANAILÍS PHOLASAÍ

Ráiteas Straitéise 2021-2023

Leanfaidh muid de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an Roinn Airgeadais le hanailís agus ionchur riaracháin a chur ar fáil chun tacú leis an gcomhairle pholasaí is fearr a sholáthar i leith fheidhmiú chreat cánach an Stáit le dualgais an Rialtais a chomhlíonadh. Tacóidh muid le cur i bhfeidhm Chlár an Rialtais, an Plean Gníomhaíochta Aeráide agus an Coimisiún Leasa agus Cánachas molta. Déanfaimid muid iarracht torthaí polasaí a mhúnlú, a dhéanann comhlíontacht a dhearadh, neamhchomhlíontacht a laghdú agus an t-ualach riaracháin ar cháinócoirí a uasmhéadú.

In 2023, mar ár dtosaíochtaí corparáideacha don chuspóir seo, déanfaimid:

Tosaíochtaí

1. Tacú leis an Roinn Airgeadais maidir le meastóireacht agus forbairt leanúnach an chreata beartais cánach agus dleachta, go háirithe trínár rannchuidiú le próisis an Bhuiséid agus an Bhille Airgeadais.

2. Ár bpáirt a ghlacadh i rolladh amach 'Tithíocht do Chách' agus an 'Plean Forbartha Náisiúnta', lena n-áirítear an Cáin Talún Cónaí-Chriosaithe agus an Cáin ar Thithe Folmha a thabhairt isteach, agus comhoibriú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile ar bhunachair sonraí maoiné.

3. Seasamh oibríochta eolasach agus fianaise-bhunaithe a thabhairt do chur i bhfeidhm athruithe beartais, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as réiteach Dhá Cholún an ECFE, an pacáiste athchóirithe Custam agus moltaí an Choimisiúin Cánachais agus Leasa.

8 CLÁR NA gCÁNACHA AGUS CUSTAM IDIRNÁISIÚNTA.

Ráiteas Straitéise 2021-2023

Tacóidh muid leis an Aire Airgeadais agus an Roinn an clár idirnáisiúnta athraitheach cánach a mhúnlú agus aghaidh a thabhairt air chomh maith. Tacóidh muid leis na forbairtí ar fud an AE, an ECFE agus an Eagraíocht Dhomhanda Custam, ag baint úsáide as ár dtionchar mar chóras comhtháite cánach agus custam thar na tionscnaimh uile.

In 2023, mar ár dtosaíochtaí corparáideacha don chuspóir seo, déanfaimid:

Tosaíochtaí

1. Tacú leis an Roinn Airgeadais maidir le cur i bhfeidhm réiteach Dhá-Cholún an ECFE agus tograí gaolmhara an AE chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a bhaineann le digitíú agus cánachas idirnáisiúnta ar chuideachtaí.

2. Comhoibriú le comhpháirtithe idirnáisiúnta, ag glacadh páirt gníomhach i gcúrsaí comhoibriú riaracháin. A chinntiú go gcomhlíonann muid na caighdeán is airde maidir le malartú sonraí cánachas idirnáisiúnta agus muid ag obair chun úsáid sonraí malartaithe a fhaighimid a uasmhéadú.

3. Páirt ghníomhach a ghlacadh sna tionscadail straitéiseacha thiomnaithe ag leibhéal an AE d'fhonn tionchar a imirt ar chur i bhfeidhm cuspóirí comhaontaithe chun na hualaí custaim ar gach gníomhaíocht tráchtála trasteorann dlisteanach, lena n-áirítear ríomhThráchtála, a íoslaghdú.